# Feirm Ghaoithe Chnocán an Phóna

FOCHUIDEACHTA FAOI LÁNÚINÉIREACHT AG ESB Energy for generations

ARNA FORBAIRT AG
KERRY WIND POWER LTD

Grousemount Wind Farm

# AN TARNA NUACHTLITIR

EARRACH 2018

A Léitheoir Dhil,

Tá áthas orainn an tarna nuachtlitir seo a chur ar fáil. Is éachtach an dul chun cinn atá déanta le linn thréimhse dhian an gheimhridh agus táimid faoi chomaoin go mór ag an bpobal áitiúil as a gcomhoibriú le linn an ama seo. Mar is léir ón ngrianghraf thíos tá droichead mór nua tógtha trasna Abha na Ruachtaí gar don slí isteach go dtí an suíomh. Tá méadú ag teacht ar na hoibreacha ar an suíomh anois agus tá áthas orainn go bhfuil an méid sin daoine agus gnólachtaí aitiúla ag fáil oibre agus gnó de thairbhe an tionscadail.

Le dea-mhéin,
John Kelly, Stiúrthóir Tionscadal
Diarmuid O'Sullivan, Oifigeach Idirchaidreamh Pobail



Droichead Rochtana ag trasnú Abha na Ruachtaí



## san eagrán seo

- Nuashonrú an tionscadail
- Léargas ar an obair thógála
- Cnocán an Phóna
- Conas teagmháil linn

Príomhghnéithe na forbartha maidir le suíomh na feirme gaoithe sna míonna romhainn

- Fostáisiún 110kV Chom an tSagairt
- Bóthar Rochtana na Feirme Gaoithe
- Bunshraitheanna na dTuirbíní
- Duchtáil faoi thalamh
- Cáblaí á gCur Isteach

FEIRM GHAOITHE CHNOCÁN AN PHÓNA

# BUNTÁISTÍ NA FORBARTHA

## LEICTREACHAS GLAN AG 70,000 TEAGHLACH

chun fuinneamh a thabhairt do theaghlaigh, feirmeacha, scoileanna agus gnólachtaí ar fud na hÉireann.

**CABHRÓIDH** na rátaí a íocfaidh an fheirm ghaoithe le Comhairle Contae Chiarraí seirbhísí áitiúla a sholáthar.

## TACAIGH LEIS AN AISTRIÚ

agus imímis ón spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte go foinse in-athnuaite fuinnimh a gintear go háitiúil. Bíodh páirt mhór agat sa cheanglas a thóg Éire uirthi féin 40% dá riachtanais leictreachais a fháil ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.

## CLOCH AGUS COINCRÉIT

úsáidfear ábhar áitiúil ó chairéalaí áitiúla sa obair thógála.

## BREIS AGUS 3.6 M

An luach iomlán atá ag an Ciste Sochair Phobail chun tacú le tionscadail áitiúla agus le háiseanna fóntais/caitheamh aimsire.

## 6 PHOST LÁNAIMSEARTHA

gaolta le cothabháil na feirme gaoithe le linn don dtréimhse ina mbeidh sí ag feidhmiú.

## POST 70

post tógála ag buaic-phointe fostaíochta.

# Tionscadal Chnocán an Phóna: Conraitheoirí:

Is ag ESB Wind Development Ltd. a bheidh an fhreagracht ghinearálta bainistíochta/innealtóireachta maidir le tógáil an tionscadail.

Tá mór-chonarthaí tógála an tionscadail bronnta faoin dtráth seo. An príomh-chonraitheoir a thógfaidh an fheirm ghaoithe agus an dúchtail faoi thalamh, **Carey's Building & Civil Engineering** (www.careysplc.ie), tógáil an fhostáisiúin 110kV **Kirby's Engineering & Construction** (www.kirby.ie), soláthar agus cur suas tuirbíní **Siemens Gamesa** (www.siemensgamesa.com ) , déantúsóir cábla greille **NKT**.

Tá deiseanna do sholáthróirí áitiúla a spéis sa tionscadal a chlárú. D'éirigh 'thar barr' leis an oíche "Buail leis an gConraitheoir" a tharla ar an 9ú Eanair i dTábhairne Uí Chríodáin, 'Barr an Choma'. Déan teagmháil le do thoil leis an bhFoireann Tionscadail má tá aon seirbhísí á sholáthar agat a bhaineann le hábhar agus leis an dtionscadal seo. Cuirfidh FG Chnocán an Phóna leis an eacnamaíocht áitiúil trí thacú le gnó áitiúil.

# Léargas ar na míonna romhainn!

## Nuashonrú maidir le réamh-oibreacha tógála na feirme gaoithe

- Tá tús anois curtha leis an dtógáil ar an bpríomh suíomh agus beidh se críochnaithe faoin samhradh.
- Róslabhras glanta ar fad den mbóthar rochtana fan Lána Shailcheartáin agus an leathnú bóthar críochnaithe.
- Tá ceann scríbe nach mór sroichte sa tógáil maidir le príomhdhroichead rochtana trasna Abha na Ruachtaí agus leis seo a chuirfear tús le príomhchéim thógála na feirme gaoithe.
- Tá an obair ag dul ar aghaidh go leanúnach ar an bpríomhbhóthar rochtana go suíomh na feirme gaoithe le hobair ghlantacháin agus próifíliú ionas gur féidir an bóthar nua a chur síos.
- Tá na hoibreacha ar siúl ar thógail an fhostáisiúin ó thús na bliana.

## Bainistíocht Tráchta

Le linn na tréimhse tógála, beidh rochtain i gcónaí ann do chónaitheoirí agus úsáideoirí rialta an bhóthair. Beidh méadú ar líon na tráchta le linn na tógála isteach agus amach ón suíomh. Leanfaidh an trácht tógála bealach iompair ar leith a bheidh comhaontaithe roimh ré. Táimid fíorbhuíoch de gach éinne as a gcuid foighne linn.

## Sláinte & Sábháilteacht

Tá an fheirm ghaoithe go hiomlán tiomanta do shláinte agus sábháilteacht gach éinne atá ag obair ar an dtionscadal. Cloífear leis na caighdeáin is airde sábháilteachta le linn an ama go mbeidh an fheirm ghaoithe á tógáil agus ag feidhmiú.

Córas teachtaireacht téacs i bhfeidhm chun na pobail a choimeád ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí ar an suíomh.

## AMLÍNE THÁSCACH

**2017 Geimhreadh**
- Leathnú Lána Shailcheartáin
- Oibreacha Sibhialta na Feirme Gaoithe
- Duchtáil trí shráidbhaile Chúil Aodha
- Duchtáil trasna Mullach an Ois

**Earrach/Samhradh 2018**
- Tógáil an Droichid Rochtana trasna Abha na Ruachtaí
- Tógáil Fhostáisiúin 110 kV Chom an tSagairt
- Duchtáil ó Bharr an Choma go Cúil Aodha agus trasna Mullach an Ois
- Rannpháirtíocht Phobail
- Cur Isteach Cáblaí
- Oibreacha ar bhoinn tuirbíní

**2018 Fómhar/Geimhreadh**
- Bóithre rochtana & boinn tuirbíní á dtógáil go leanúnach
- Droichead sealadach trasna Abha an tSuláin
- Rannpháirtíocht Phobail
- Céad-Sheachadtaí Tuirbíní Gaoithe

**2019**
- Seachadtaí Tuirbíní Gaoithe
- Rannpháirtíocht Phobail
- Tús le giniúint cumhachta agus easpórtáil
- An Fheirm Ghaoithe ag Feidhmiú

**FEIRM GHAOITHE CHNOCÁN AN PHÓNA**














# Urraíocht Áitiúil

Tá áthas orainn go raibh an deis againn cúnamh airgid agus tacaíocht a chur ar fáil do na tionscnaimh agus imeachtaí áitiúla seo le déanaí sa cheantar:

- Seirbhís Leathanbhanda SSC sa Ghleann
- Pollathollán Gairdín do Scoil Náisiúnta Chúil Aodha
- Feisteas spóirt do Chailíní faoi 14 Naomh Abán
- Éide spóirt do Bhol-Chumann Réigiúin na Gaeltachta
- Cruinniú na bhFliúit - Cúil Aodha Flute Meeting

## CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá an fhoireann tionscadail dírithe ar an bpobal áitiúil a choimeád ar an eolas agus cothrom le dáta agus Feirm Ghaoithe Chnocán an Phóna á tógáil. Tá ár nOifigeach Idirchaidreamh Pobail (OIP) maraon le foireann an tionscadail ar fáil chun bualadh leat go háitiúil chun gach gné den dtionscadal a phlé leat. Cuirfimid chomh maith nuashonraí ar fáil go rialta i bhfoirm nuachtlitreacha, téacsanna agus ar shuíomh idirlíon an tionscadail www.grousemountwindfarm.ie. Más mian leat bheith curtha san áireamh ar an liosta cumarsáide téigh i dteagmháil le do thoil lenár OIP thíos, Diarmuid O'Sullivan.
Má tá aon cheisteanna eile agat, déan teagmháil le:

**Áitiúil**
**R-phost: info@grousemountwindfarm.ie**
**Má theastaíonn breis eolais uait faoi Fheirm Ghaoithe Chnocán an Phóna, téigh go dtí www.grousemountwindfarm.ie.**

**Kerry Wind Power Ltd**
**Ainm: Diarmuid O'Sullivan**
**Guthán: (087) 9882288**
**R-phost: Info@grousemountwindfarm.ie**

